Cúrsaí Spóirt

Ceist 1 (a) Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi chúrsaí spóirt. Sula bhféachann tú ar an tuairisc, féach ar na focail thíos – cén spórt lena mbaineann siad? An féidir leat buille faoi thuairim a thabhairt faoi mhíniú na bhfocal?

Preabchúl
Clibirt
Úd
As cóir
Síneadh amach
Pionós
Téigh i ngleic le
Riabhóg
Bógaí
Buntáiste
Poll

(b) Sula bhféachann tú ar an tuairisc, cad é ábhar na tuairisce, dar leat?

Ceist 2 Anois agus an tuairisc feicthe agaibh uair amháin, déan féin agus an duine in aice leat iarracht an dá cholún thíos a cheangal.

1. Corn na hEorpa	a. team
2. iomaíocht	b. to penalise
3. foireann	c. progress
4. in éadan	d. head
5. buatais	e. as well as that
6. cloigeann	f. European Cup
7. a ghearradh ar	g. boot
8. d'éirigh leis	h. against
9. dul chun cinn	i. he succeeded
10. lena chois sin	j. competition

1	2	3	4	5	6	7	8	9	10

Ceist 3 Féach ar an tuairisc arís agus déan an méid eolais agus is féidir a bhreacadh síos faoin dá mhír sa tuairisc. Ansin cuir do chuid eolais i gcomparáid leis an eolas atá ag an duine in aice leat.

Ceist 4 '. . .san iomaíocht. . .'

Cén fáth gur san iomaíocht atá ann agus nach sa atá i gceist? Cén t-am a úsáidtear i agus in?
Cuir Gaeilge ar na habairtí seo anois. Iarr ar an duine in aice leat cuidiú leat, más gá.

I lived in England last year.
There is something in the water!
There is something in the glass.
I saw that in the picture.
Was he in the hotel all the time?
I have no interest in politics.
I was in Cuba and Scotland last year.

Ceist 5 '…a Eimear…'

Cén ghné den ghramadach a bhaineann leis an sampla thuas?

Ag obair leis an duine in aice leat cuirigí *a* roimh na hainmneacha seo thíos.

Eoghan	Seán	Pól	Ciarán
Aoife	Siobhán	Máire	Ciara

Ceist 6 Pléigh na ceisteanna seo thíos leis na daoine i do ghrúpa:

An bhfuil aon suim agat i gcúrsaí spóirt? Cén spórt?
Cad a dhéanann tú i d'am saor?
Cén bhaint atá ag spórt le tírghrá?
Cad atá le rá agat faoi úsáid na ndrugaí i gcúrsaí spóirt?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1
Rugbaí
Preabchúl – drop goal
Clibirt – scrum
Úd – try
As cóir – offside
Síneadh amach – line out
Pionós – penalty
Téigh i ngleic le – tackle

Galf
Birdie – riabhóg/éanán
Bogey – bógaí
Handicap – buntáiste
Hole - poll

Ceist 2

1	2	3	4	5	6	7	8	9	10
f	j	a	h	g	d	b	i	c	e

Ceist 3
Abair leis na foghlaimeoirí cúpla líne a scríobh faoi ábhar na míre agus é sin a chur i gcomparáid le hiarracht an duine in aice leo ansin.

Ceist 4
Ciallaíonn **i** agus in '*in/in a'* i mBéarla. Ciallaíonn **sa** agus **san** '*in the'* i mBéarla. Cuirtear 'n' roimh ghuta.

Bhí mé i mo chónaí i Sasana anuraidh.
Tá rud éigin san uisce!
Tá rud éigin sa ghloine.
Chonaic mé é sin sa phictiúr.
An raibh sé san óstán i rith an ama?
Níl suim dá laghad agam i gcúrsaí polaitíochta.
Bhí mé i gCuba agus in Albain anuraidh.

Ceist 5
An tuiseal gairmeach atá i gceist.

- Cuirtear séimhiú ar ainmneacha a thosaíonn le consan.
- Caolaítear ainmneacha **fear**.
- Ní chaolaítear ainmneacha **ban**.
- Ní thagann aon athrú ar thús ainm a thosaíonn le guta.

A Eoghain	A Sheáin	A Phóil	A Chiaráin
A Aoife	A Shiobhán	A Mháire	A Chiara

Ceist 5
Tabhair tamall do na foghlaimeoirí na ceisteanna anseo a phlé.

Cúrsaí Spóirt

Tá scéalta spóirt an lae anois faoi réir ag Ruairí Mac an Iomaire.

Go raibh míle, míle maith agat a Eimear, agus tosóimid anocht le cúrsaí rugbaí. Seachtain mhór atá ann ar ndóigh, agus an seoladh déanta inniu ar Chorn Rugbaí na hEorpa. An séasúr seo a thosóidh dár ndóigh an deireadh seachtaine seo chugainn. Cúige Laighean, Cúige Mumhan agus Cúige Uladh ar fad san iomaíocht ar ndóigh. Ach is amárach mar sin féin a chloisfidh foireann na Mumhan an mbeidh siadsan i dturas le John Hayes i gceann tamaill nó nach mbeidh. Cuireadh Hayes den pháirc sa gcluiche in éadan na Laighean i Sraith Magners san R.D.S oíche* Dé Sathairn as a bhuatais a thabhairt anuas ar chloigeann Cian Healy Chúige Laighean, go gairid tar éis leath ama. Bhuaigh Cúige Laighean an cluiche sin go réidh 30 pointe in aghaidh a náid ach tá coiste disciplíneach á reáchtáil i mBéal Feirste tráthnóna amárach le rialú ar an eachtra úd. D'fhéadfaí idir 4 seachtaine agus 8 seachtaine a ghearradh ar fhathach Luimnigh má rialaítear gurb d'aon turas a rinne seisean an bréitse.

Cúrsaí gailf anois agus is é Simon Dyson Shasana a bhuaigh craobh Links Alfred Dunhill i St. Andrews na hAlban inniu. É sin ag fágáil leithéidí McIlroy Thuaisceart Éireann agus Luke Donald go mór faoina scáile.

Luke Donald a bhí chun cinn ar Rory McIlroy Thuaisceart Éireann tús na himeartha, agus cé gur éirigh le fear óg na hÉireann dul chun cinn réasúnta a dhéanamh, é ag aimsiú éanán ar an 3ú ,ar an 5ú, ar an 7ú agus ar an 9ú poll chun é a thabhairt chuig 18 faoin bpar. D'éalaigh ceann de na buillí sin arís uaidh áfach ar an dara poll déag agus ceann eile lena chois sin ar an 17ú poll déag. Tharraing sé an buille úd sin ar ais áfach ar an bpoll deireanach le sroicheadh seacht mbuille dhéag faoin bpar. Scór maith i gcónaí.

**san oíche* a deirtear